Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath

Fón: 8902799

Faics: 8700044

U.R. 20095C

Scoil Idirchreidmheach

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie

Ríomhphost:oifig@gsbb.ie

17-02-16

A thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chairde,

Comhghairdeas le daltaí Rang 6 a chuaigh faoi Lámh Easpaig ar an Máirt, an 16-02-16, i Séipéal Naomh Crónán, Sord. Bhíomar an-bhródúil astu agus bhí siad ullmhaithe go han-mhaith ag Pádraig & Ciara, na múinteoirí ranga. Bhí na ceoltóirí agus an cór ar fheabhas agus táimid an-bhuíoch as na múinteoirí go léir a chabhraigh leis an gceol agus le maoirseacht ar an lá. Ár mbuíochas le Clíona, a sheinn an orgán ag an searmanas. B'é an t-Athair Pádraig Ó Baoill, a bhí mar phríomhcheiliúraí ar an lá agus thug an t-Athair Paul Thornton gach cúnamh don scoil. I ndiaidh an tsearmanais bhí cupán tae, ceapairí agus cístí deasa ar fáil in ionad an pharóiste taobh leis an séipéal. Rinne Cairde na Scoile gaisce arís ar an lá leis an jab iontach a rinne siad san ionad idir sóláistí a chur ar fáil agus an grianghrafadóir a eagrú. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Linda as a cuid cabhrach san oifig leis na leabhráin.
Congratulations to the pupils in Rang 6 who presented for the Sacrament of Confirmation on Tuesday, the 16-02-16 in St. Cronan's Church, Swords. We are very proud of them and are grateful to Pádraig & Ciara, their class teachers, for preparing them so well. The choir and musicians were brilliant and I would like to thank all the teachers who helped with music, and with supervision on the day. Our thanks, also to Clíona, who played the organ for the service. An t-Athair Pádraig Ó Baoill was chief celebrant and an t-Athair Paul Thornton gave the school every support possible. There was a cup of tea with lots of sandwiches and cakes provided in the parish centre after the service. Cairde na Scoile, once again, did us proud in providing refreshments and in organising photographs on the day. I would like to thank Linda for all her assistance in the office .

Beidh traenáil reatha ar siúl ar an Luan, an 22-02-16. Beidh traenáil peile ar siúl ar an Máirt agus cluiche ag na buachaillí sinsir ar an Déardaoin, an 25-02-16. Ní bheidh traenáil iománaíochta ann an tseachtain seo chugainn. Beidh traenáil peile ag na cailíní ar an Máirt agus traenáil chamógaíochta ag na cailíní ar an Déardaoin.
There will be running after school on Monday, the 22-02-16. There will be football training on Tuesday and a senior boys' football match on Thursday, the 25-02-16. There will be no hurling training on Thursday as a result. Girl's football training will take place on Tuesday and camogie training next Thursday.

Beidh na páistí ó naíonáin shóisearacha ag fáil instealladh do MMR ar an 25-02-16.
The children from junior infants will receive the MMR vaccination on Thursday, the 25-02-16.

Beimid ag bailiú éadaí trí Bag2School idir an 22ú-25ú Feabhra.
Bag2School collection takes place next week from the 22nd – 25th February.

Beidh an Chéad Fhaoistin do pháistí Rang 2 ann ar an Déardaoin, an 03-03-16, ag 7.00i.n. i Séipéal Naomh Crónán.
First Penance for children in Rang 2 will take place onThursday, the 03-03-16 ,at 7.00pm in St. Cronan's Church.

Le meas,

Séamus Seaghach (Príomhoide)